Ireland State Savings
NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

# Foirm Iarratais ar Dhuaisbhannaí

1 Deireadh Fómhair 2023 – Léigh na nótaí thall

## Cuid 1 – Sealbhóirí Reatha Duaisbhannaí
Nascfaimid do ghabháltais reatha leis an gceannach seo

An bhfuil duaisbhannaí agat cheana? Tá ☐ Níl ☐

**Sealbhóirí Reatha Duaisbhannaí**

Iontráil d'Uimhir Chuntais (Chustaiméara) Duaisbhanna. ☐☐☐☐☐☐☐☐ (8 nUimhir) ☐☐☐ (3 Litir)

Uimhir Duaisbhanna roimhe seo ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**Comhiarrthóirí**

I gcás comhiarrthóirí, luaigh an **Uimhir Chustaiméara an Duaisbhanna** (más féidir) a thagraíonn do shealúchais a bhí ag na hiarrthóirí cheana.

## Cuid 2 – Cineál Sealbhóra
Ceannach Bronntanais Má tá bronntanas á cheannach agat úsáid an fhoirm Iarratais um Cheannach Bronntanais 5A.

Aonair ☐ Comhlánaigh Cuid 3 Painéal 1

Comhchuntas ☐ Comhlánaigh Cuid 3 Painéil 1, 2

Mionaoiseach faoi 18 mbliana d'aois ☐

Cuir tic leis an gcineál gabháltais a theastaíonn thuas

Síniú Toilithe de chuid Tuismitheoir/Caomhnóir ainmnithe do Mhionaoiseach (faoi 18 mbliana)

**Ainm** (Bloclitreacha) ____________

**Síniú** ____________

## Cuid 3 – Sonraí an tSealbhóra/na Sealbhóirí Duaisbhanna
Tá gach réimse ar a bhfuil * **éigeantach**. D'fhéadfaimis scríobh chuig iarratasóirí a chuireann uimhir shoghluaiste agus seoladh ríomhphoist ar fáil chun tuairisc a thabhairt ar an bpróiseas clárúcháin le haghaidh coigilteas Stáit ar Líne. Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar StateSavings.ie

| | **Painéal 1** An chéad sealbhóir ainmnithe | **Painéal 2** An dara sealbhóir ainmnithe (Seolfar gach comhfhreagras chuig an seoladh i bPainéal 1) |
|---|---|---|
| SSCN | *Féach leathanach 2 den phríomhbhróisiúr.* | *Féach leathanach 2 den phríomhbhróisiúr.* |
| * Teideal | ☐ Uasal ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Eile ____ | ☐ Uasal ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Eile ____ |
| * Céadainm(neacha) | | |
| Lárainm | | |
| * Sloinne | | |
| * UPSP | | |
| * Dáta breithe | LL MM BBBB | LL MM BBBB |
| * Seoladh, líne 1 | | |
| * Seoladh, líne 2 | | |
| Seoladh, líne 3 | | |
| * Contae | | |
| Éirchód | | |
| Uimh. theag. theileafóin | | |
| Seoladh Ríomhphoist | | |

## Cuid 4 – Modh Íocaíochta, Foinse Maoinithe agus Roghanna Íocaíochta Duaise
(Seiceanna le bheith iníoctha le NTMA Coigilteas Stáit).

***Luach €** ☐☐☐,☐☐☐.☐☐

**Méideanna Aonair**
Íosmhéid – Uasmhéid
€25 €250,000

***An líon aonad** (ag €6.25 an ceann) ☐☐☐☐☐☐

***Modh Íocaíochta** Seic ☐ Airgead tirim ☐ Cárta dochair ☐

**Tabhair faoi deara:** Is ionann an t-uas-sealúchas carnach aonair do Dhuaisbhannaí a chláraítear i d'ainm don chéad uair ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh agus €250,000.

| *Foinse Maoinithe (Cuir tic le rogha cuí thíos) | |
|---|---|
| ☐ Coigiltis Phearsanta | ☐ Duaisbhannaí |
| ☐ Airgead faighte le hoidhreacht | ☐ Eile – Sonraigh le do thoil |

**Roghanna Íocaíochta Duaise** (Roghnaigh rogha amháin)

**Ba mhaith liom/linn go gcuirfí duaiseanna isteach i mo Chuntas/inár gCuntas Bainc SEPA a thugtar thíos** ☐

IBAN ____________

"Aontaím/Aontaímid aon duaiseanna amach anseo a chur leis an IBAN a thugtar agus léigh agus tuigeann mé/muid nótaí 4 agus 5 thall a bhaineann leis an **gcáipéisíocht a theastaíonn** agus **sábháil agus athúsáid féideartha** an IBAN ainmnithe. Tá sínithe GACH sealbhóir **éigeantach** agus caithfear an dá dhearbhú ar an bhfoirm seo a shíniú."

Síniú an chéad Sealbhóra Ainmnithe ____________

Síniú an dara Sealbhóra Ainmnithe ____________

**Nótaí:** **1.** Tabhair faoi deara go bhfuil sé **éigeantach** cóip a chur faoi iamh de cheannteideal ráiteas bainc a dheimhníonn an sealbhóir/na sealbhóirí cuntais agus IBAN murar thug tú sonraí IBAN do Choigilteas Stáit cheana féin nó má d'athraigh tú cuntas bainc ó d'aisíocaíocht roimhe seo trí aistriú bainc.
**2.** Tabhair faoi deara gur féidir an IBAN a thugtar thuas do na sealúchais Coigilteas Stáit ag custaiméirí reatha comhlíontacha a shábháil agus a úsáid le haghaidh gach íocaíocht Coigilteas Stáit amach anseo lena n-áirítear aisíocaíochtaí.

**Ba mhaith liom/linn go ndéanfaí duaiseanna a ath-infheistiú i nDuaisbhannaí go huathoibríoch.** ☐

## Cuid 5 – Seicliosta don Cháipéisíocht
- féach leathanach 2 den bhróisiúr, nóta 2 i gcomhair tuilleadh sonraí.

| Foirm Iarratais Chomhlánaithe ☐ | Cruthúna(i)s ar Ainm ☐ | Cruthúna(i)s ar Sheoladh ☐ | Cruthúna(i)s ar UPSP ☐ | Cruthúnas ar IBAN (más infheidhmithe) ☐ |
|---|---|---|---|---|

## Cuid 6 – Dearbhú agus Síniú
Léigh mé/Léamar agus glacaim/glacaimid leis na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta agus na Coinníollacha ar leith lena n-áirítear úsáid mo/ár UPSP. Sínigh agus dátaigh.

| **Síniú an chéad Sealbhóra Ainmnithe** | **Dáta** | **Síniú an dara Sealbhóra Ainmnithe** | **Dáta** |
|---|---|---|---|
| | | | |

### ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

UIMH. ADMHÁLA ☐☐☐☐☐☐☐☐☐ GROF ☐☐☐☐

Ainm Oifige ____________

FORMHUINIGH GACH SEIC LEIS AN UIMHIR ADMHÁLA

Síniú an Oifigigh: ____________

Dáta: ☐☐☐☐☐☐☐☐

STAMPA DÁTA

# SAINRODÚ DOCHAIR DHÍRIGH SEPA

UMR (OFFICE ONLY) U M R

AITHEANTÓIR AN CHREIDIÚNAÍ I E 1 9 Z Z Z 3 0 0 6 8 1

Leis an bhfoirm sainordaithe seo a shíniú, údaraíonn tú (A) NTMA (agus/nó a ghníomhairí) treoracha a sheoladh chuig do bhanc chun dochar a chur ar do chuntas agus (B) do bhanc chun dochar a chur ar do chuntas de réir treoir ón NTMA (agus/nó a ghníomhairí).

Mar chuid de do chearta, tá tú i dteideal aisíocaíochta ó do bhanc faoi théarmaí agus coinníollacha do chomhaontaithe le do bhanc. Caithfear aisíocaíocht a éileamh laistigh de 8 seachtain ón dáta ar cuireadh dochar ar do chuntas.

Tabhair faoi deara: mínítear do chearta maidir leis an sainordú thuas i ráiteas ar féidir leat a fháil ó do bhanc.

**COMHLÁNAIGH GACH RÉIMSE LENA BHFUIL***

AINM(NEACHA) SHEALBHÓIR/SHEALBHÓIRÍ AN CHUNTAIS BHAINC* (Ainm ar Chuntas an Fhéichiúnaí)

SEOLADH SHEALBHÓIR AN CHUNTAIS BHAINC

CATHAIR AGUS ÉIRCHÓD

TÍR

UIMHIR IBAN SHEALBHÓIR AN CHUNTAIS BHAINC*

CUIR ISTEACH AN UIMHIR IBAN SA BHOSCA I MBARR AR CHLÉ

CÓD AITHEANTAIS SHEALBHÓIR AN CHUNTAIS BHAINC BIC/SWIFT*

AINM AN CHREIDIÚNAÍ (SEOL AR AIS CHUIG) CUIDEACHTA NA NDUAISBHANNAÍ DAC, URLÁR 3B, GPO, SRÁIS UÍ CHONAILL ÍOCHTARACH, BÁC 1, ÉIRE, D01 F5P2

CINEÁL ÍOCAÍOCHTA: ÍOCAÍOCHT ATHFHILLTEACH ☑

SÍNIÚ/SÍNITHE SHEALBHÓIR/SHEALBHÓIRÍ AN CHUNTAIS BHAINC*
(SÍNITHEOIRÍ ÚDARAITHE AR AN GCUNTAS BAINC AR CHLÉ)

1. ____________

2. ____________

DÁTA AN TSÍNITHE/NA SÍNITHE* L L M M B B B B

**Caithfear cóip de ráiteas bainc a dheimhníonn an cuntas óna bhfuil an Dochar Díreach le tarraingt a chur faoi iamh leis an bhfoirm seo.**

Ireland State Savings
NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

## TÁBHACHTACH

**Sula gcomhlánaíonn tú an Fhoirm Iarratais seo agus Cuid 6 'Dearbhú agus Síniú' go háirithe caithfidh tú na Nótaí ar an leathanach seo a léamh.**

## Nótaí

### 1. Fianaise Aitheantais

1.1 Iarrtar ort d'aitheantas a dheimhniú dúinn (lena n-áirítear do shloinne, do chéadainm, do dháta breithe agus do sheoladh) chun críocha:

(a) an Chomhaontaithe (aon Idirbheart san áireamh);

(b) riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus

(c) cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear cloí le hoibleagáidí reachtúla i gcoinne sciúradh airgid agus slándáil chuntais agus cosc calaoise.

**1.2 Tig linn d'aitheantas a fhíorú:**

(a) go leictreonach (trí thagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a thug tú, lena n-áirítear d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)); nó

(b) de láimh (trí thagairt a dhéanamh do cháipéisíocht bhunaidh nó cóip dheimhnithe inghlactha a chuir tú ar fáil, lena bhféadfaí a áireamh do phas reatha, ceadúnas tiomána AE reatha, bille fóntais le déanaí, ráiteas bainc le déanaí ó bhanc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa, do Chárta Seirbhísí Poiblí nó cáipéisíocht oifigiúil eile a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim nó an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí duit).

(c) I gcás nár thug tú fianaise aitheantais shásúil, cuirfimid é sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le d'iarratas chun an Táirge a cheannach go dtí go bhfíoraítear fianaise d'aitheantais go sásúil. Chun aon amhras a sheachaint, ní thabhófar aon ús, bónas nó méid eile i ndáil le Táirge i rith na tréimhse ina bhfuil fianaise an aitheantais á fhíorú faoin gcoinníoll seo.

### 2. Sonraí Pearsanta

2.1 Is é an NTMA Rialaitheoir Sonraí (chun críche an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)) na sonraí pearsanta ar fad a thugann tú. Is 'comhlacht sonraithe' atá san Aire Airgeadais agus sa NTMA chun críocha ailt 262 go 270 agus sceideal 5 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, arna leasú, faoina bhfuil údarás ag an NTMA agus ag an Aire Airgeadais sonraí pearsanta a phróiseáil, UPSP san áireamh, chun críocha áirithe.

2.2 Baileoimid, próiseálfaimid agus úsáidfimid sonraí pearsanta a bhaineann leat, lena n-áirítear do UPSP agus an fhaisnéis dá dtagraítear i Nóta 1 (Fianaise Aitheantais):

(a) de réir mar is gá chun an Comhaontú (aon Idirbheart san áireamh) a fheidhmiú;

(b) i gcomhair riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus

(c) i gcomhair cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear cloí le hoibleagáidí reachtúla i gcoinne sciúradh airgid agus slándáil chuntais agus cosc calaoise.

2.3 Admhaíonn tú bailiúchán, próiseáil agus úsáid do chuid sonraí pearsanta (do UPSP san áireamh) chun na críocha arna leagan amach in 1.2.

2.4 Tig linn féin, lenár nGníomhairí agus aon soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ag feidhmiú ar ár son sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche an Chomhaontaithe agus chun críocha dlí lena mbaineann agus chun aon chríche eile a bhaineann le feidhmíocht an Chomhaontaithe nó aon ní eile a bhaineann leis go réasúnach.

2.5 Coinneoimid do chuid sonraí pearsanta chomh fada is a bhíonn sealúchas agat le Coigilteas Stáit agus seachas sin de réir an dlí um chosaint sonraí agus na hoibleagáidí reachtúla infheidhmithe (lena n-áirítear faoi reachtaíocht i gcoinne sciúradh airgid).

2.6 Faoi réir do thola, tig linn, nó lenár nGníomhairí, do shonraí pearsanta a úsáid chun críche margaíocht a dhéanamh ar Tháirgí Coigilteas Stáit. I gcás go bhfuil níos mó ná Táirge amháin agat, beidh feidhm ag na sainroghanna is déanaí a thug tú le fios ar gach Táirge atá agat lena mbaineann na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta.

2.7 Tá sé de cheart agat rochtain a iarradh agus cóip a fháil de do chuid sonraí pearsanta a choinnímid de réir an GDPR, do chuid sonraí pearsanta a cheartú i gcás go bhfuil siad míchruinn nó míthreorach, do chuid sonraí pearsanta a scriosadh, agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil do chuid sonraí pearsanta, iniomparthacht na sonraí i ndáil le do chuid sonraí pearsanta a iarradh. Más mian leat úsáid a bhaint as ceann ar bith de na cearta seo, déan teagmháil leis an Oifig um Príobháideachas Sonraí, Coigilteas Stáit, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Feic www.dataprotection.ie i gcomhair tuilleadh eolais.

### 3 Teorainneacha

3.1 Díoltar Duaisbhannaí in aonaid €6.25. Tá íoscheannach €25 (4 aonad) i gceist. Tabhair faoi deara nach féidir ceannach Duaisbhannaí a chlárú nó a chur sa tarraingt sheachtainiúil go dtí go gcomhlánaítear na riachtanais fíoraithe riachtanacha (nóta 1).

3.2 Is ionann an uasteorainn shealúchais do Dhuaisbhannaí a chuirtear le Clár na nDuaisbhannaí i d'ainm ar nó tar éis an 1 Samhain 2015 agus €250,000.

3.3 Is ionann an uasteorainn shealúchais do Dhuaisbhannaí a chuirtear le Clár na nDuaisbhannaí i gcomhainmneacha ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh agus €500,000.

3.4 Chun críocha uasteorainn shealúchais Chomhshealbhóirí a ríomh i nDuaisbhannaí nua a chláraítear ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh, measfar go mbeidh codanna comhionanna ón tsuim ag gach Comhshealbhóir agus roinnfear go cothrom é idir gach duine de na Comhshealbhóirí.

3.5 Ceadaítear d'aistrithe mar thoradh ar shealúchais oidhreachta an uasteorainn shealúchais a shárú ach tá gach aistriú eile faoi réir na huasteorann sealúchais.

3.6 Féadfaidh tú, laistigh de 30 lá ó dháta na tarraingthe ina mbuann tú an duais, an t-airgead buaite ó Dhuaisbhannaí a ath-infheistiú i nDuaisbhannaí nua. Tá airgead buaite ó Dhuaisbhannaí a ath-infheistítear i nDuaisbhannaí díolmhaithe ón Uasteorainn Sealúchais. Féach 3.7 freisin.

3.7 Chun críocha comhbhailiú uasteorainn shealúchais i nDuaisbhannaí duine aonair a ríomh, cuirfear aon bhannaí atá agat de réir choinníollacha 3.5 agus 3.6 le haon bhannaí a cheannaigh duine aonair ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh. Má shroicheann nó má sháraíonn duine an uasteorainn shealúchais mar gheall ar an ríomh seo, ní chlárófar aon Duaisbhannaí eile don duine sin.

3.8 I gcás go n-aistríonn tú na Duaisbhannaí go hairgead chun Duaisbhannaí a cheannach, beidh an ceannach nua seo faoi réir teorainneacha.

3.9 I gcás go bhfaightear iarratas chun Duaisbhannaí a cheannach, a mbeidh sé mar thoradh air go sáróidh aon pháirtí aonair leis an iarratas a n-uasteorainn, sa chás seo déanfaidh Cuideachta na nDuaisbhannaí teagmháil leis an sealbhóir agus cuirfear ár nósanna imeachta agus a roghanna in iúl dóibh.

### 4 Aistriú Bainc

4.1 Íocfar cistí chuig an IBAN a thugtar sa phainéal Treoir um Aistriú Bainc ar an bhfoirm seo. D'fhéadfaí an IBAN a thug tú a shábháil le haghaidh íocaíochtaí sa todhchaí i gceangal le Coigilteas Stáit. Is gá go mbeadh an IBAN a thugtar in ainm duine amháin ar a laghad de shealbhóirí cuntais Coigilteas Stáit. Má thugtar IBAN le haghaidh cuntas bainc (a) nach bhfuil in ainm shealbhóirí cuntas Coigilteas Stáit nó (b) in ainmneacha tríú páirtithe sa bhreis ar an sealbhóir/na sealbhóirí cuntais Coigilteas Stáit, trí shíniú sa phainéal Treoir um Aistriú Bainc tá tú ag údarú íoc chuig an IBAN sin. Ní bheidh NTMA ná a ghníomhairí faoi dhliteanas (i gconradh, tort nó eile) as aon chaillteanas ná damáiste a fhulaingíonn tú i gcás go bhfuil an IBAN nó na sonraí cuntais a chuireann tú ar fáil mícheart nó má thugtar in earráid iad. Murar thug tú do shonraí IBAN do Choigilteas Stáit cheana féin nó má d'athraigh tú cuntas bainc ó d'aisíocaíocht roimhe seo trí aistriú bainc, is gá duit cóip de cheannteideal chuntas bainc bunaidh (arna dhátú laistigh de 12 mhí) a chur faoi iamh ar a bhfíoraítear an IBAN agus ainm an chuntais. Mura soláthraítear an cruthúnas riachtanais ar ráiteas bainc, d'fhéadfaí moill a chur ar an bpróiseas íocaíochta.

### 5 Slánaíocht

5.1 Tríd an bhfoirm seo a shíniú, aontaíonn tú NTMA agus a ghníomhairí a shlánú agus chun NTMA agus a ghníomhairí a choinneáil slánaithe ó agus i gcoinne aon imeachtaí, éileamh, chaillteanas agus/nó damáiste cibé cén chaoi a eascraíonn sé, a fhulaingíonn NTMA nó a ghníomhairí mar gheall ar íocaíocht cistí i gcuntas a ainmníonn tú.

### Nótaí Eile

6 Is táirge iad Duaisbhannaí a chuireann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) ar fáil thar ceann an Aire Airgeadais. Feidhmíonn an Chuideachta Duaisbhannaí DAC mar ghníomhaire an NTMA i bhfeidhmiú na Scéime Duaisbhannaí.

7 Coimeádann an NTMA agus a ghníomhaire an Chuideachta Duaisbhannaí an ceart faoina sainrogha féin aon iarratas um cheannach a dhiúltú agus méid an cheannaigh a aisíoc leis na hiarrthóirí Duaisbhannaí.

8 Má cheannaíonn tú Duaisbhanna ag Oifig an Phoist tabharfar Admháil Cheannacháin duit. Cuirfear Teastas an Duaisbhanna féin ar aghaidh chuig an sealbhóir/na sealbhóirí bannaí sa phost laistigh de 10 lá oibre ar an gcoinníoll go gcomhlánaíodh na riachtanais fíoraithe riachtanacha (nóta 1).

9 Is féidir Duaisbhannaí a chlárú in ainm amháin nó in dhá ainm, ach ní féidir níos mó ná dhá ainm a úsáid. Ná cuir isteach cnuasainmneacha cosúil le 'Teaghlach' etc. Caithfidh tú a chinntiú go bhfuil Ainm(neacha) agus seoladh(seoltaí) iomlán(a) agus Dáta Breithe agat.

**10 Má tá Duaisbhannaí á gceannach agat mar bhronntanas úsáid an Fhoirm Iarratais um Cheannach Bronntanais (Bróisiúr 5A)**

11 Má tá Bannaí á gceannach agat i d'ainm féin, sínigh an fhoirm. I gcomhair comhcheannaigh teastaíonn an dá shíniú.

12 Seolfar an Teastas Duaisbhanna, ar a mbeidh Sraithuimhreacha na mbannaí díreach chuig an Sealbhóir/na Sealbhóirí Banna, agus ba cheart dóibh iad a choinneáil in áit shábháilte le tagairt amach anseo. I gcás comhshealúchais, seolfar na Duaisbhannaí chuig an chéad sealbhóir ainmnithe.

13 Is féidir Duaisbhannaí a choinneáil gan chríoch, ach caithfear iad a coinneáil ar feadh 90 lá ar a laghad. Cuirtear buaiteoirí duaise ar an eolas tríd an bpost ag a seoladh cláraithe. Ní mór do shealbhóir(í) banna an Fhoirm um Athrú Seolta a chomhlánú atá ar fáil ó www.statesavings.ie

14 Is féidir an fhoirm cheannaigh seo, comhlánaithe agus sínithe a thabhairt isteach leis an íocaíocht chuí chuig aon Oifig Phoist. Glactar le ceannach trí airgead tirim, Cárta Dochair, seic (iníoctha le NTMA Coigilteas Stáit) nó trí dhochar díreach míosúil. Sin nó, féadfaidh tú d'iarratas agus íocaíocht a sheoladh sa phost.

15 I gcás go mbuaitear duais, cuirfear an eolas tríd an bpost tú.

Tig leat do dhuais(eanna):

(a) a lóisteáil i do chuntas bainc.

(b) a ath-infheistiú i nDuaisbhannaí. Cuirfear do Dhuaisbhannaí nua chugat tríd an bpost

Féach an fhoirm iarratais, cuid 4.

16 Déantar luach an chiste duais míosúil a athríomh ag tús gach mí trí ráta úis inathraitheach (1.00% faoi láthair) a chur i bhfeidhm ar luach gach Duaisbhanna atá fágtha ag deireadh na míosa roimhe. Ní íoctar aon ús le Sealbhóirí banna. Ina ionad sin, íoctar ús isteach sa duaischiste míosúil, le seachadadh ar na buaiteoirí sa tarraingt sheachtainiúil.

Tig leis an NTMA an líon agus luach na nduaiseanna a leasú ag aon am agus fógrófar aon athruithe le ráta nó struchtúr na duaise sna príomhnuachtáin laethúla agus ar www.StateSavings.ie.

17 I gcomhair Dochar Dírigh comhlánaigh agus sínigh an fhoirm sainordaithe Dochair Dhírigh SEPA agus tabhair uimhreacha BIC agus IBAN an chuntais óna bhfuil an dochar díreach le híoc. Ba cheart sonraí mhéid an dochair a chur ar chúl na foirme. Caithfear cóip de ráiteas bainc a dheimhníonn an cuntas óna bhfuil an Dochar Díreach le tarraingt a chur faoi iamh chomh maith. Cuirfear comhairle ort i dtaobh uimhir thagartha uathúil agus dáta tosaigh ar a dtosóidh na hasbhaintí míosúla.

18 I gcás nach bhfaightear íocaíocht nó mura nglantar an íocaíocht, cealófar na bannaí ábhartha agus ní fhabhróidh aon duaiseanna.

19 Níl na duaiseanna a bhuaitear faoi réir chánach ach d'fhéadfadh dliteanais chánacha eile bheith agat ag brath ar do chúinsí áirithe (i.e. bronntanais/oidhreacht). Mholfaimis dá bhrí sin go rachaidh tú i gcomhairle le do chomhairleoir cánach.

**Sonraí teagmhála Coigilteas Stáit – Duaisbhannaí**

Teileafón: 0818 20 50 60 / 01 705 7200

Ríomhphost: PrizeBonds@StateSavings.ie

Gréasán: www.StateSavings.ie

Is féidir ceannach a dhéanamh ar an nguthán le Cárta Dochair ag 0818 20 50 60.

Cuir foirmeacha iarratais sa phost chuig: Coigilteas Stáit, GPO, Saorphost, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

I gcomhair aisíocaíochtaí, athrú seolta, éilimh duaiseanna agus comhfhreagras ginearálta, post chuig:

Coigilteas Stáit, Duaisbhannaí, Ionad Fexco, Cill Orglan, Saorphost, Co. Chiarraí, V93 WN9T.

## Seol an fhoirm seo chuig Coigilteas Stáit, GPO, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

**SEALBHÓIR AN DUAISBHANNA (1)** AINM (MÁ TÁ SÉ ÉAGSÚIL ÓN SEALBHÓIR CUNTAIS THALL)

SEALBHÓIR AN DUAISBHANNA (1) SEOLADH (MÁ TÁ SÉ ÉAGSÚIL ÓN SEALBHÓIR CUNTAIS THALL)

ÉIRCHÓD

**SEALBHÓIR AN DUAISBHANNA (2)** AINM (MÁ TÁ SÉ ÉAGSÚIL ÓN SEALBHÓIR CUNTAIS THALL)

SEALBHÓIR AN TRÁTHCHOIGILTIS (2) SEOLADH (MÁ TÁ SÉ ÉAGSÚIL ÓN SEALBHÓIR CUNTAIS THALL)

ÉIRCHÓD

UIMH. CHUNTAIS CHUSTAIMÉARA DUAISBHANNA

LUACH NA HÍOCAÍOCHTA* € .

M M B B (AN CHÉAD ÍOCAÍOCHT Ó)

IS É €1,000.00 UASMHÉID AN DOCHAIR DHÍRIGH




Feic thall i gcomhair Sonraí Dochar Dhírigh